# Siméadracht le Bataí Cuisenaire

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – siméadracht<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona* |
| **Próisis** | **Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta ginearálta a aithint agus tuartha a dhéanamh fúthu |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | líne shiméadrachta, ceartingearach, cothrománach, frithchaitheamh, achar |
| **Áiseanna** | bataí Cuisenaire, Uirlis Cuisenaire Mol Mata, pionnachláir, geochláir, páipéar cearnaithe 1 cm |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, úsáideann daltaí bataí Cuisenaire le pictiúir agus patrúin shiméadracha a fhiosrú.

### 1 Gníomhaíocht 1

Úsáid bataí nó an uirlis ar líne Cuisenaire le patrún nó pictiúr siméadrach simplí a léiriú. Taispeáin pictiúr le líne cheartingearach shiméadrachta ar dtús, ansin líne chothrománach shiméadrachta, ansin líne an dá rud. Pléigh na línte siméadrachta difriúla leis na daltaí agus an fáth a bhfuil an pictiúr siméadrach.

### 2 Gníomhaíocht 2

Anois, iarr ar na daltaí na bataí a úsáid lena gcuid pictiúr siméadrach a dhéanamh. Lig dóibh a roghnú cé acu atá an líne shiméadrachta ceartingearach, cothrománach nó trasnánach, nó meascán de dhá cheann acu, nó meascán d'iad uilig. Úsáid seatanna scáileáin, grianghraif leis na pictiúir a thaifeadadh nó cóipeáil chuig páipéar cearnaithe 1 cm agus cruthaigh taispeántas ranga.

### 3 Gníomhaíocht 3

Oibríonn na daltaí i mbeirteanna, déanann dalta amháin pictiúr siméadrach neamhchríochnaithe agus iarrann sé/sí ar a c(h)omhscoláire é a chríochnú. Thig leis na daltaí pictiúir shiméadracha ina bhfuil achar réamhshainithe nó bataí a bhfuil uasluach réamhshainithe acu a úsáid lena gcuid smaointeoireachta a shíneadh. Thig na gníomhaíochtaí uilig thuas a leasú le húsáid le pionnachlair nó le geochláir.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An bhfuil an patrún/pictiúr seo siméadrach?<br>• Cá bhfuil an líne shiméadrachta sa phatrún/phictiúr seo?<br>• Cá mhéad líne shiméadrachta atá ag an phatrún/phictiúr seo? | • Cén dóigh a bhfuil/nach bhfuil an pictiúr seo siméadrach?<br>• Cad é mar a thig linn an pictiúr seo a dhéanamh siméadrach? |

## Difreáil

Is féidir líon na mbataí úsáidte agus líon na línte siméadrachta atá de dhíth leis an phictiúr nó phatrún a dhéanamh leis an ghníomhaíocht seo a chur in oiriúint do riachtanais shainiúla na ndaltaí.

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.